# Tomhais: Am – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- tabhair faoi thascanna nó gníomhaíochtaí spraíúla a léiríonn am caite, m.sh., *amadóir a shocrú do ghníomhaíocht ghearr ranga nó ceist a chur "Cé mhéad carr a rachaidh thar fhuinneog i gceann 1 nóiméad?"*
- cuir in ord nó cuir ar scéalchlár gnáthaimh rialta sa bhaile agus ar scoil nó staideanna i scéal, m.sh., *ag ullmhú don scoil*.
- déan naisc phearsanta le laethanta, míonna & tréimhsí den bhliain, m.sh., *breithlaethanta, féilte nó ócáidí speisialta*.
- léigh agus bain ciall as amchláir sa timpeallacht, m.sh., *amchlár ranga, amchlár bus, amchlár pictiúrlainne, treoir theilifíse*.
- déan iniúchadh agus nasc idir amchriosanna agus eispéiris na bpáistí, m.sh., *comparáid a dhéanamh nuair a bhíonn páiste san Astráil ag ullmhú don scoil srl.*



### Cumarsáid a dhéanamh

- úsáid agus freagair teanga an ama ina ngnáthamh laethúil, m.sh., *cá fhad atá sé go dtí am lóin?"*
- tabhair chun cuimhne an lá, an mhí, an bhliain agus an séasúr reatha ag baint úsáid as féilire
- léigh agus léirigh a amanna ag baint úsáid as cloig analógacha agus dhigiteacha.
- ag baint úsáid as imeachtaí fíorshaoil, déan cur síos ar bhealaí éagsúla chun amanna a thomhas agus a thaifeadadh (ag comhaireamh agus eatraimh ama), m.sh., *"Tosaíonn an cluiche peile ar 7.45i.n., cén t-am a bheidh sé thart?"*
- cruthaigh cláir ama do réimse cuspóirí agus amanna cuir amanna in iúl i bhformáidí 12 uair an chloig agus 24 uair an chloig, m.sh., amchlár ranga, na seónna teilifíse is fearr leat.



### Réasúnaíocht a dhéanamh

- tuig go dtéann am thart agus go bhfuil imeachtaí scartha ag am, m.sh., *seicheamh pictiúir d'imeacht, bain úsáid as focail ábhartha (roimh, tar éis, go luath, níos déanaí, am codlata)*.
- úsáid meastachán agus comparáid chun eatraimh ama a ríomh, m.sh., *"Cá fhad a mhair an traenáil pheile?" nó "Cá fhad a d'fhág tú an cáca san oigheann?"*
- aistrigh idir léirithe analógacha agus digiteacha ama, m.sh., *úsáid amanna analógacha agus digiteacha araon i rith an lae ("Tá sé 12 a chlog." agus "Tá sé 12.00i.n.")*.
- tabhair faoin tuar agus meastachán roimh am a thomhas agus a thaifeadadh, m.sh., *rith cuaird den chlós (tuar, déan tomhas ag baint úsáid as stopuaireadóir, taifead agus déan comparáid)*.



### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- réitigh réimse fadhbanna ama a bhaineann go dlúth le saol agus gnáthaimh na bpáistí féin, m.sh., *lá scoile a chur in ord, ag baint úsáid as féilire, oibriú amach cé mhéad lá den scoil atá fágtha go dtí Oíche Shamhna*.
- comhroinn straitéisí a úsáidtear chun eatraimh ama a mheas agus a ríomh, m.sh., *uimhirlíne fholamh a úsáid, ag comhaireamh ar aghaidh, ag comhaireamh siar*.
- pleanáil sceidil agus tascanna praiticiúla a bhaineann le ham, m.sh., *pleanáil gníomhaíochtaí/stáisiúin am lóin spraíúla, réitigh puzal laistigh d'am ar leith, treodóireacht i gcorpoideachas*.
- cruthaigh fadhbanna ambhunaithe agus réitigh do phiaraí ag baint úsáid as imeachtaí ón bhfíorshaol, m.sh., *dearann páistí tascanna i ngrúpaí beaga agus déanann piaraí iarracht iad a réiteach nó a chríochnú (Cá mhéad léim i 1 nóiméad?)*.



Forbraíodh i gcomhar le **Catherine O'Connor, Múinteoir Bunscoile, Co. na Mí**